Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

14605/25

FIN 1259
INST 336
PE-L 34

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13970/25 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 17/2025 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2025<br>• *Formheas*<br>• *Formheas litreach* |

1. An 15 Deireadh Fómhair 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra maidir le haistriú leithreasuithe Uimh. DEC 17/2025, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[1].

Is é is cuspóir don togra sin leithreasuithe atá ar fáil ar roinnt línte tacaíochta riaracháin a aistriú chuig na línte oibríochtúla le haghaidh cláir faoi (fho-)cheannteidil 1 (*ITER*, *an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa*, *an Clár don Eoraip Dhigiteach*, *Clár an Mhargaidh Aonair* agus *Clár Spáis na hEorpa*), 2b (*EU4Health* agus *Eoraip na Cruthaitheachta*) agus 3 (*LIFE*), chomh maith leis an tSaoráid don Úcráin, mar a thaifeadtar in 13970/25.

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

2. Is é is aidhm don togra EUR 15.98 milliún san iomlán i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe íocaíochta araon a aistriú.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra sin maidir le haistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 29 Deireadh Fómhair 2025.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

   - aistriú na leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 13970/25 iad, agus

   - an dréachtlitir atá san IARSCRÍBHINN chuige sin.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

<u>DRÉACHTLITIR</u>

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán an Choimisiúin

cóip : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin, a chara,

I gcomhréir le hAirteagal 31(6) den Rialachán Airgeadais an 23 Meán Fómhair 2024[2], cuirim in iúl duit gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 17/2025 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2025.

(Clabhsúr dea-mhéine).

---

[2] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).